**Parlaimint na hEorpa**
2014-2019

*An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha*

**2018/0199(COD)**

21.11.2018

# TUAIRIM

ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha

chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh
(COM(2018)0374 – C8-0229/2018 – 2018/0199(COD))

Rapóirtéir don tuairim (*): Fabio Massimo Castaldo

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 54 de na Rialacha Nós Imeachta

## RÉASÚNÚ GEARR

Sa togra ón gCoimisiún le haghaidh an Rialacháin maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh (IMS), a eisíodh an 29 Bealtaine 2018, tá athruithe suntasacha maidir le struchtúr foriomlán an chomhair chríochaigh chomh maith le Cláir um Chomhar Trasteorann (CTT) amach anseo.

An chéad athrú suntasach is ea an togra ón gCoimisiún maidir le hathmhúnlú a dhéanamh ar na snáitheanna comhair trí, *inter alia*, dhíriú ar an gcomhar trasteorann i leith teorainneacha talún agus an comhar trasteorann a chomhtháthú i leith teorainneacha muirí ionas go mbeidh comhchuid mhéadaithe de 'chomhar trasnáisiúnta agus muirí' ann. Tá an rapóirtéir den tuairim gur baol é sin do na cláir thrasteorann mhuirí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, go háirithe cláir sa Mheánmhuir. Ba cheart go mbeadh sé mar chuspóir le Interreg naisc láidre a chruthú agus comhpháirtíochtaí a neartú idir tíortha comharsanachta a roinneann teorainn talún nó teorainn farraige. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin le haghaidh na gclár mórthimpeall na Meánmhara mar go gciallaíonn infheistiú i dtíortha comhpháirtíochta agus ina gcobhsaíocht go bhfuiltear ag infheistiú i slándáil agus i gcobhsaíocht an Aontais Eorpaigh. Mar sin, molann an rapóirtéir leasuithe a thabharfadh isteach athuair cláir um chomhar muirí trasteorann, fiú amháin mura bhfuil aon nasc seasta ann os cionn na farraige agus dá bhrí sin athmhúnlaítear na leithdháiltí i bhfabhar chomhchuid 1.

Athrú ábhartha eile a cuireadh ar aghaidh sa dréacht-Rialachán Interreg ná an togra maidir le rialacha comhchoiteanna a chur i bhfeidhm le haghaidh an chomhair inmheánaigh idir na Ballstáit agus le haghaidh an chomhair idir Ballstáit AE agus tíortha nach bhfuil in AE. Dá bhrí sin, beidh tionchar ag na rialacha a leagtar síos le Rialachán Interreg ar chláir CTT arna gcómhaoiniú ag ionstraimí maoinithe sheachtraigh AE, amhail an Ionstraim um an gComharsanacht, um Fhorbairt agus um Chomhar Idirnáisiúnta (ICFCI) agus an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (ICR III).

Is athrú suntasach é sin i gcomparáid leis an tréimhse reatha 2014-2020, ar tréimhse í ina bhfuil na cláir um chomhar trasteorann seachtrach rialaithe ag rialacháin shonracha cur chun feidhme. Molann an rapóirtéir, aon uair a dhéantar na hionstraimí maoinithe sheachtraigh a úsáid chun cláir Interreg a chómhaoiniú, go ndéanfaí cuspóirí agus tosaíochtaí na n-ionstraimí sin a chur san áireamh go hiomlán, mar atá sonraithe ina rialacháin faoi seach, agus ndéanfaí é sin a lua go sainráite sa Rialachán Interreg.

Sonraítear cheana féin sa dréacht-Rialachán Interreg na sciaranna de ICR III agus d'imchlúdaigh airgeadais ICFCI nach mór a sholáthar do chláir Interreg. Ionas go mbeadh níos mó solúbthachta ann, molann an rapóirtéir go mbainfí na figiúirí agus go gcuirfí isteach tagairt do Rialacháin ICR III agus ICFCI ina n-ionad, ag glacadh leis go ndéanfaí na corrlaigh a shocrú sna rialacháin sin faoi seach.

Cé go bhfuil fáilte roimh na hiarrachtaí atá ar bun chun sineirgí a shimpliú agus a mhéadú a oiread agus is féidir idir na cistí éagsúla, tá an rapóirtéir den tuairim nár cheart neamhaird a dhéanamh ar phríomhchsupóirí IMS. Molann an rapóirtéir, dá bhrí sin, leasuithe maidir leis sin, ag lua gur cheart go ndéanfadh an comhar trasteorann seachtrach faoi Rialachán Interreg comhlánú ar na cláir um chomhar trasteorann atá cumhdaithe ag ionstraimí réamhaontachais

agus comharsanachta. Maidir le cúnamh ICR, ba cheart é a bheith ina thacaíocht leanúnach le hiarrachtaí tairbhithe ICR chun comhar réigiúnach, macrairéigiúnach agus trasteorann chomh maith le forbairt chríochach a chur ar aghaidh, lena n-áirítear trí straitéisí macrairéigiúnacha de chuid an Aontais a chur chun feidhme. Maidir le cúnamh ICFCI, ba cheart don Aontas gaolmhaireacht speisialta a chothú le tíortha comharsanachta d'fhonn limistéar rathúnais agus dea-chomharsanúlachta a bhunú arna fhothú ar luachanna an Aontais agus arb iad is sainairíonna ann dlúthchaidreamh síochánta atá bunaithe ar an gcomhar.

Tá an rapóirtéir den tuairim gur cheart go mbeadh níos mó solúbthachta ann i dtíolacadh na ndoiciméad cláir i gcás ina mbeadh tíortha comhpháirtíochta i gceist, mar go léirítear, ón taithí, go mbíonn níos mó ama de dhíth orthusan mar bhfuil a nósanna imeachta coibhéiseach leosan ag Ballstáit AE.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Ghnóthaí Eachtracha ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Foráiltear in Airteagal 176 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') go bhfuil ceaptha do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ('CFRE') rannchuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a cheartú. Faoin Airteagal sin agus faoin dara mír agus faoin tríú mír d'Airteagal 174 ***de*** CFAE, tá CFRE le rannchuidiú le héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil a laghdú agus cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú, agus astu sin, tá aird ar leith le tabhairt ar chatagóirí áirithe réigiún agus liostaítear réigiúin trasteorann iontu go háirithe. | (1) Foráiltear in Airteagal 176 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') go bhfuil ceaptha do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ('CFRE') rannchuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas a cheartú. Faoin Airteagal sin agus faoin dara agus faoin tríú mír d'Airteagal 174 CFAE, tá CFRE le rannchuidiú leis na héagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil a laghdú agus le cúlmhaireacht na réigiún is mídheisiúla a laghdú, agus as na réigiúin sin tá aird faoi leith le tabhairt ar chatagóirí áirithe réigiún, agus as a measc siúd liostaítear go sonrach ***limistéir thuaithe, limistéir a bhfuil an trasdul tionsclaíoch ag dul dóibh, réigiúin a bhfuil míbhuntáistí móra buana nádúrtha nó déimeagrafacha acu ar nós na réigiún is faide ó thuaidh a bhfuil dlús fíoríseal daonra iontu agus oileáin, réigiúin*** trasteorann ***agus réigiúin shléibhteacha***. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Leagtar amach le Rialachán (AE) [RFC nua] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21] forálacha is coiteann do CFRE agus do chistí áirithe eile agus le Rialachán (AE) [CFRE nua] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] leagtar amach forálacha maidir leis na cuspóirí sonracha agus le raon na tacaíochta ó CFRE. Ní mór anois forálacha sonracha a ghlacadh i ndáil le sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) ina ndéanann Ballstát amháin nó níos mó comhar thar theorainneacha maidir le clársceidealú éifeachtach lena n-áirítear forálacha maidir le cúnamh teicniúil, faireachán, meastóireacht, cumarsáid, incháilitheacht, bainistíocht agus rialú, mar aon le bainistíocht airgeadais. | (2) Leagtar amach le Rialachán (AE) [RFC nua] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21] forálacha is coiteann do CFRE agus do chistí áirithe eile agus le Rialachán (AE) [CFRE nua] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[22] leagtar amach forálacha maidir leis na cuspóirí sonracha agus le raon na tacaíochta ó CFRE. Ní mór anois forálacha sonracha a ghlacadh i ndáil le sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) ina ndéanann Ballstát amháin nó níos mó ***agus tír nó críoch eile amháin nó níos mó lasmuigh den Aontas*** comhar thar theorainneacha maidir le clársceidealú éifeachtach lena n-áirítear forálacha maidir le cúnamh teicniúil, faireachán, meastóireacht, cumarsáid, incháilitheacht, bainistíocht agus rialú, mar aon le bainistíocht airgeadais. |
| [21] [Tagairt]<br>[22] [Tagairt] | [21] [Tagairt]<br>[22] [Tagairt] |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Chun tacú le forbairt chomhchuí chríoch an Aontais ar leibhéil éagsúla, ba cheart CFRE a bheith ina thacaíocht le comhar trasteorann, comhar trasnáisiúnta, ***comhar muirí,*** comhar na réigiún is forimeallaí agus comhar idir-réigiúnach | (3) Chun ***rathúnas a chothú agus chun*** tacú le forbairt chomhchuí chríoch an Aontais ar leibhéil éagsúla, ba cheart CFRE a bheith ina thacaíocht le comhar trasteorann, comhar trasnáisiúnta, comhar muirí, comhar na réigiún is forimeallaí |

| | |
|---|---|
| faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg). | agus comhar idir-réigiúnach faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg). |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Ba cheart é a bheith d'aidhm leis an gcomhchuid faoi chomhar trasteorann dul i ngleic le dúshláin choiteanna arna sainaithint go comhpháirteach sna réigiúin teorann, agus an acmhainneacht fáis nach bhfuil saothraithe i limistéir teorann a shaothrú ***mar a léirítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Boosting Growth and Cohesion in EU Border Regions [Borradh a chur faoin bhFás agus faoin gComhtháthú i Réigiúin atá lonnaithe ar Theorainneacha an Aontais Eorpaigh]***[23] (***'an Teachtaireacht maidir le Réigiúin Teorann')***. Dá réir sin, ba cheart an chomhchuid trasteorann ***a bheith teoranta do*** chomhar i leith teorainneacha talún agus ba cheart comhar trasteorann i leith teorainneacha ***muirí*** a ***chomhtháthú sa chomhchuid thrasnáisiúnta.*** | (4) Ba cheart é a bheith d'aidhm leis an gcomhchuid faoi chomhar trasteorann dul i ngleic le dúshláin choiteanna arna sainaithint go comhpháirteach sna réigiúin teorann ***talún nó muirí*** agus an acmhainneacht fáis nach bhfuil saothraithe i limistéir teorann a shaothrú Dá réir sin, ba cheart ***go n-áiritheodh*** an chomhchuid trasteorann comhar i leith teorainneacha talún ***nó muirí*** agus ba cheart go dtacódh comhar trasteorann ***le réigiúin atá suite feadh teorainneacha talún nó muirí***. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Ba cheart an comhar idir Ballstát amháin nó níos mó agus tír amháin nó níos mó nó ***críocha eile lasmuigh den Aontas*** a bheith i gceist leis an gcomhchuid i ndáil le comhar trasteorann. Ba cheart cuid mhór simplithe agus cuíchóirithe ar na forálacha is infheidhme a bheith mar thoradh ar chomhar trasteorann inmheánach agus seachtrach a chumhdach faoin Rialachán | (5) Ba cheart an comhar idir Ballstát amháin nó níos mó agus ***tríú*** tír amháin nó níos mó nó críocha eile lasmuigh den Aontas a bheith i gceist leis an gcomhchuid i ndáil le comhar trasteorann Ba cheart cuid mhór simplithe agus cuíchóirithe ar na forálacha is infheidhme a bheith mar thoradh ar chomhar trasteorann inmheánach agus seachtrach a chumhdach |

seo le haghaidh údaráis na gclár sna Ballstáit agus le haghaidh na n-údarás comhpháirtíochta agus na dtairbhithe lasmuigh den Aontas i gcomparáid leis an gclárthréimhse 2014-2020.

faoin Rialachán seo le haghaidh údaráis na gclár sna Ballstáit agus le haghaidh na n-údarás comhpháirtíochta agus na dtairbhithe lasmuigh den Aontas i gcomparáid leis an gclárthréimhse 2014-2020.

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(5a) Maidir leis na cláir um chomhar trasteorann a chumhdaítear faoi Rialachán AE).../... [Rialachán ICR III] agus Rialachán (AE) .../... [Rialachán ICFCI], níor cheart go ngabhfadh comhar trasteorann seachtrach faoin Rialachán seo ionad na gclár sin, ach go ndéanfadh sé iad a chomhlánú, go háirithe iarrachtaí a dtairbhithe an comhar réigiúnach, macrairéigiúnach agus trasteorann a chur chun cinn.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ba cheart critéir oibiachtúla a leagan síos chun réigiúin agus limistéir incháilithe a ainmniú. Chuige sin, ba cheart sainaithint réigiún agus limistéar incháilithe ar leibhéal an Aontais a bhunú ar chóras coiteann aicmithe na réigiún a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26] . | (9) Ba cheart critéir oibiachtúla a leagan síos chun réigiúin agus limistéir incháilithe a ainmniú. Chuige sin, ba cheart sainaithint réigiún agus limistéar incháilithe ar leibhéal an Aontais a bhunú ar chóras coiteann aicmithe na réigiún a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26]. ***Maidir le cláir Interreg a bhfuil tríú tíortha páirteach iontu, d'éagmais aicmiú NUTS, ba cheart go mbeadh feidhm ag limistéir choibhéiseacha incháilithe faoi Rialachán (AE).../... [Rialachán ICR III] agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***Rialachán (AE) .../... [Rialachán ICFCI].*** |

[26] Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003. lch. 1).

[26] Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 154, 21.6.2003. lch. 1).

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Is gá leanúint de thacú le gach gné de chomhar le tríú tíortha comharsanachta an Aontais nó, más iomchuí, den chomhar sin a bhunú toisc gur uirlis thábhachtach um beartas na forbartha réigiúnaí é an comhar sin agus ba cheart é a chur chun tairbhe réigiúin na mBallstát atá ar an teorainn le tríú tíortha. Chuige sin, le CFRE agus le hionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, ICR, ICFCI agus Clár na dtíortha agus na gcríoch thar lear, ba cheart tacaíocht a thabhairt do chláir faoin gcomhar trasteorann, faoin gcomhar trasnáisiúnta agus faoin gcomhar muirí, faoi chomhar na réigiún is forimeallaí agus faoin gcomhar idir-réigiúnach. Ba cheart an tacaíocht ó CFRE agus ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais a bheith bunaithe ar chómhalartacht agus ar chomhréireacht. Mar sin féin, maidir le CTT ICR III agus CTT ICFCI, ba cheart an tacaíocht ó CFRE a bheith comhlánaithe le méideanna cothroma ar a laghad faoi CTT ICR III agus CTT ICFCI, faoi réir méid uasta a leagtar amach sa ghníomh dlí lena mbaineann, is é sin, suas le [3] % den chlúdach airgeadais faoi ICR III agus suas le [4] % de chlúdach airgeadais chláir geografach na comharsanachta faoi Airteagal 4(2)(a) de ICFCI. | (10) Is gá leanúint de thacú le gach gné de chomhar le tríú tíortha comharsanachta an Aontais nó, más iomchuí, den chomhar sin a bhunú toisc gur uirlis thábhachtach um beartas na forbartha réigiúnaí é an comhar sin agus ba cheart é a chur chun tairbhe réigiúin na mBallstát atá ar an teorainn le tríú tíortha. Chuige sin, le CFRE agus le hionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais, ICR[27], ICFCI[28] agus Clár na dtíortha agus na gcríoch thar lear[29], ba cheart tacaíocht a thabhairt do chláir faoin gcomhar trasteorann, faoin gcomhar trasnáisiúnta agus faoin gcomhar muirí, faoi chomhar na réigiún is forimeallaí agus faoin gcomhar idir-réigiúnach. Ba cheart an tacaíocht ó CFRE agus ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais a bheith bunaithe ar chómhalartacht agus ar chomhréireacht. Mar sin féin, maidir le CTT ICR III agus CTT ICFCI, ba cheart an tacaíocht ó CFRE a bheith comhlánaithe le méideanna cothroma ar a laghad faoi CTT ICR III agus CTT ICFCI, faoi réir na ***forálacha*** a leagtar amach sa ghníomh dlíthiúil ábhartha, eadhon, ***in Airtigeal [9] de Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [***Rialachán ICR III ***]*** agus Airteagal ***[18] de Rialachán (EU) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus*** |

*ón gComhairle [Rialachán ICFCI]*.

[27] Rialachán (AE) Uimh. XXX lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IO Lxx, lch. y).

[27]Rialachán (AE).../... Rialachán (AE) Uimh. …/…ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … lena mbunaítear Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA II) (IO L …).

[28] Rialachán (AE) Uimh. XXX lena mbunaítear an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta (IO Lxx, lch. y).

[28]Rialachán (AE).../... Rialachán (AE) Uimh. XXX lena mbunaítear an Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta (IO Lxx, lch. y).

[29] Cinneadh (AE) XXX ón gComhairle maidir le comhlachas na dTíortha agus na gCríoch thar lear leis an Aontas Eorpach lena n-áiritear caidreamh idir an tAontas Eorpach ar thaobh amháin agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge ar an taobh eile (IO L xx, lch. y).

[29] Cinneadh (AE) XXX ón gComhairle maidir le comhlachas na dTíortha agus na gCríoch thar lear leis an Aontas Eorpach lena n-áiritear caidreamh idir an tAontas Eorpach ar thaobh amháin agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge ar an taobh eile (IO L xx, lch. y).

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ***Maidir le cúnamh ICR III, ba cheart é a dhíriú go príomha ar chúnamh a thabhairt do thairbhithe ICR institiúidí daonlathacha agus an smacht reachta a neartú, an bhreithiúnacht agus an riarachán poiblí a athchóiriú, cearta bunúsacha agus comhionannas inscne a urramú, caoinfhulaingt, cuimsiú sóisialta agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn.*** Maidir le cúnamh ICR, ba cheart é a bheith ina thacaíocht leanúnach le hiarrachtaí tairbhithe ICR chun comhar réigiúnach, macrairéigiúnach agus trasteorann chomh maith le forbairt chríochach a chur ar aghaidh, lena n-áirítear trí straitéisí macrairéigiúnacha de chuid an Aontais a chur chun feidhme. Ina theannta sin, le cúnamh ICR, ba cheart aghaidh a thabhairt ar bhainistíocht slándála, imirce agus | (11) Maidir le cúnamh ICR, ba cheart é a bheith ina thacaíocht leanúnach le hiarrachtaí tairbhithe ICR chun comhar réigiúnach, macrairéigiúnach agus trasteorann chomh maith le forbairt chríochach a chur ar aghaidh, lena n-áirítear trí straitéisí macrairéigiúnacha de chuid an Aontais a chur chun feidhme ***agus*** aghaidh a thabhairt ar ***chuspóirí agus ar thosaíochtaí mar atá sainithe in Airteagal [3] agus in Iarscríbhinní II agus III de Rialachán ICR [ICR III]***. |

teorann, agus rochtain ar chosaint idirnáisiúnta á háirithiú, faisnéis ábhartha á comhroinnt, rialú teorann á fheabhsú agus iarrachtaí coiteanna á ndéanamh sa chomhrac i gcoinne imirce neamhrialta agus smuigleáil imirceach.

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Maidir le cúnamh ICFCI, ba cheart don Aontas gaolmhaireacht speisialta a chothú le tíortha comharsanachta d'fhonn limistéar rathúnais agus dea-chomharsanúlachta a bhunú arna fhothú ar ***luachanna*** an ***Aontais agus arb iad is sainairíonna ann dlúthchaidreamh síochánta atá bunaithe ar an*** gcomhar. Leis an Rialachán seo agus le ICFCI, dá bhrí sin, ba cheart tacú leis na gnéithe inmheánacha agus seachtracha a bhaineann le straitéisí macrairéigiúnacha ábhartha. Is tionscnaimh a bhfuil tábhacht straitéiseach leo iad na tionscnaimh sin, lena gcuirtear creata polaitiúla fóinteacha ar fáil chun caidreamh a dhoimhniú leis na tíortha comhpháirtíochta agus eatarthu, bunaithe ar phrionsabail na cuntasachta frithpháirtí, na comhúinéireachta agus na comhfhreagrachta. | (12) Maidir le cúnamh ICFCI, ba cheart don Aontas gaolmhaireacht speisialta a chothú le tíortha comharsanachta d'fhonn limistéar rathúnais agus dea-chomharsanúlachta a bhunú arna fhothú ar ***chuspóirí agus ar phrionsabail ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais, mar a leagtar síos in Airteagal 3(5), Airteagal 8, Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 208 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe prionsabail an daonlathais, an smachta reachta agus na hurraime do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha ar a bhfuil sé bunaithe, trí idirphlé agus*** comhar ***le tíortha agus réigiúin chomhpháirtíochta***. Leis an Rialachán seo agus le ICFCI, dá bhrí sin, ba cheart tacú leis na gnéithe inmheánacha agus seachtracha a bhaineann le straitéisí macrairéigiúnacha ábhartha ***agus dul i ngleic leis na cuspóirí agus na tosaíochtaí a shainítear in Airteagal [3] agus in Iarscríbhinní II agus III de Rialachán ICFCI.***. Is tionscnaimh a bhfuil tábhacht straitéiseach leo iad na tionscnaimh sin, lena gcuirtear creata polaitiúla fóinteacha ar fáil chun caidreamh a dhoimhniú leis na tíortha comhpháirtíochta agus eatarthu, bunaithe ar phrionsabail na cuntasachta frithpháirtí, na comhúinéireachta agus na comhfhreagrachta. |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Is gá na hacmhainní a leithdháiltear ar gach comhchuid éagsúil de Interreg a leagan amach, lena n-áirítear sciar gach Ballstáit de na méideanna foriomlána don chomhar trasteorann, don chomhar trasnáisiúnta agus don chomhar muirí, do chomhar na réigiún is forimeallaí agus don chomhar idir-réigiúnach, an cumas atá ar fáil do na Ballstáit a mhéid a bhaineann le solúbthacht idir na comhchodanna sin. ***I gcomparáid leis an gclárthréimhse 2014-2020, ba cheart an sciar le haghaidh comhar trasteorann a laghdú, agus ba cheart an sciar le haghaidh comhar trasnáisiúnta agus comhar muirí a ardú toisc chomhtháthú an chomhair mhuirí, agus ba cheart comhchuid nua i ndáil le comhar na réigiún is forimeallaí a chruthú.*** | (15) Is gá na hacmhainní a leithdháiltear ar gach comhchuid éagsúil de Interreg a leagan amach, lena n-áirítear sciar gach Ballstáit de na méideanna foriomlána don chomhar trasteorann, don chomhar trasnáisiúnta agus don chomhar muirí, do chomhar na réigiún is forimeallaí agus don chomhar idir-réigiúnach, an cumas atá ar fáil do na Ballstáit a mhéid a bhaineann le solúbthacht idir na comhchodanna sin. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) I ngeall ar rannpháirtíocht níos mó ná Ballstát amháin, agus costais riaracháin a bheith níos airde dá bharr, go háirithe maidir le rialuithe agus le haistriúchán, ba cheart an uasteorainn le haghaidh caiteachas cúnaimh theicniúil a bheith níos airde ná an uasteorainn faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis. Chun na costais riaracháin níos airde a fhritháireamh, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun an t-ualach riaracháin maidir le cur chun feidhme tionscadal comhpháirteach a laghdú aon uair is féidir. Sa bhreis air sin, ba cheart íosmhéid áirithe | (24) I ngeall ar rannpháirtíocht níos mó ná Ballstát amháin ***agus tríú tír amháin nó níos mó***, agus costais riaracháin a bheith níos airde dá bharr, go háirithe maidir le rialuithe agus le haistriúchán, ba cheart an uasteorainn le haghaidh caiteachas cúnaimh theicniúil a bheith níos airde ná an uasteorainn faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh post agus fáis. Chun na costais riaracháin níos airde a fhritháireamh, ba cheart na Ballstáit a spreagadh chun an t-ualach riaracháin maidir le cur chun feidhme tionscadal comhpháirteach a laghdú aon uair is féidir. Sa bhreis air sin, |

| | |
|---|---|
| a thabhairt do chláir Interreg a fhaigheann tacaíocht theoranta ón Aontas nó do chláir um chomhar seachtrach trasteorann ar mhaithe le cúnamh teicniúil chun cistiú leordhóthanach le haghaidh gníomhaíochtaí éifeachtacha cúnaimh theicniúil a áirithiú. | ba cheart íosmhéid áirithe a thabhairt do chláir Interreg a fhaigheann tacaíocht theoranta ón Aontas nó do chláir um chomhar seachtrach trasteorann ar mhaithe le cúnamh teicniúil chun cistiú leordhóthanach le haghaidh gníomhaíochtaí éifeachtacha cúnaimh theicniúil a áirithiú. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cláir Interreg a ghlacadh nó a leasú, ***ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt*** don Choimisiún. Mar sin féin, i gcás inarb infheidhme, ba cheart cláir um chomhar trasteorann a bheith de réir nósanna imeachta Coiste a bhunaítear faoi Rialachán (AE) [ICR III] agus [ICFCI] maidir leis an gcéad chinneadh formheasta i leith na gclár sin. | (35) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun cláir Interreg a ghlacadh nó a leasú ***trí dhoiciméad straitéise ilbhliantúil***. Mar sin féin, i gcás inarb infheidhme, ba cheart cláir um chomhar trasteorann a bheith de réir nósanna imeachta Coiste a bhunaítear faoi Rialachán (AE) [ICR III] agus [ICFCI] maidir leis an gcéad chinneadh formheasta i leith na gclár sin. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) comhar trasteorann inmheánach idir réigiúin teorann talún chóngaracha in dhá Bhallstát nó níos mó nó idir réigiúin teorann talún chóngaracha i mBallstát amháin ar a laghad agus tríú tír amháin nó níos mó a liostaítear in Airteagal 4(3); nó | (a) comhar trasteorann inmheánach idir réigiúin teorann talún ***nó muirí*** chóngaracha in dhá Bhallstát nó níos mó nó idir réigiúin teorann talún ***nó muirí*** chóngaracha i mBallstát amháin ar a laghad agus tríú tír amháin nó níos mó a liostaítear in Airteagal 4(3); |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) comhar trasteorann seachtrach idir réigiúin teorann talún chóngaracha de chuid Ballstát amháin ar a laghad agus de chuid ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: | (b) comhar trasteorann seachtrach idir réigiúin teorann talún ***nó muirí*** chóngaracha de chuid Ballstát amháin ar a laghad agus de chuid ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ***comhar trasnáisiúnta agus comhar muirí*** ar fud críocha trasnáisiúnta móra nó timpeall imchuacha farraige, lena mbaineann comhpháirtithe clár náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna Ballstáit, i dtríú tíortha agus i dtíortha comhpháirtíochta agus sa Ghraonlainn, d'fhonn céim níos airde de chomhtháthú críochach a bhaint amach ***('comhchuid 2'; i gcás nach dtagraítear ach do chomhar trasnáisiúnta: 'comhchuid 2A'; i gcás nach dtagraítear ach do chomhar muirí: 'comhchuid 2B');*** | (2) comhar trasnáisiúnta agus comhar muirí ar fud críocha trasnáisiúnta móra nó timpeall imchuacha farraige, lena mbaineann comhpháirtithe clár náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla sna Ballstáit, i dtríú tíortha agus i dtíortha comhpháirtíochta agus sa Ghraonlainn, d'fhonn céim níos airde de chomhtháthú críochach a bhaint amach; |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le comhar trasteorann, is iad na réigiúin de leibhéal NUTS 3 de chuid an Aontais feadh gach teorann talún | 1. Maidir le comhar trasteorann, is iad na réigiúin de leibhéal NUTS 3 de chuid an Aontais feadh gach teorann talún ***nó muirí*** |

| | |
|---|---|
| inmheánaí agus seachtraí le tríú tíortha nó le tíortha comhpháirtíochta atá le tacaíocht a fháil ó CFRE. | inmheánaí agus seachtraí le tríú tíortha nó le tíortha comhpháirtíochta atá le tacaíocht a fháil ó CFRE. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Gheobhaidh na réigiúin ar theorainneacha muirí atá nasctha os cionn na farraige le nasc seasta tacaíocht faoi chomhar trasteorann freisin. | 2. Gheobhaidh na réigiúin ar theorainneacha muirí atá nasctha os cionn na farraige le nasc seasta, ***nó le naisc bhuana eile chultúrtha, stairiúla nó iompair,*** tacaíocht faoi chomhar trasteorann freisin. |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfar réigiúin san Iorua, san Eilvéis agus sa Ríocht Aontaithe a bheith i gceist le cláir Interreg faoi chomhar trasteorann inmheánach arb ionann iad agus réigiúin de leibhéal NUTS 3 mar aon le Lichtinstéin, le hAndóra ***agus*** le Monacó. | 3. Féadfar réigiúin san Iorua, san Eilvéis agus sa Ríocht Aontaithe a bheith i gceist le cláir Interreg faoi chomhar trasteorann inmheánach arb ionann iad agus réigiúin de leibhéal NUTS 3 mar aon le Lichtinstéin, le hAndóra, le Monacó ***agus le San Mairíne***. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Maidir le comhar trasteorann seachtrach, is iad na réigiúin a mbeidh tacaíocht le fáil acu ó ICR III nó ICFCI na réigiúin de leibhéal NUTS 3 de chuid na | 4. Maidir le comhar trasteorann seachtrach, is iad na réigiúin a mbeidh tacaíocht le fáil acu ó ICR III nó ICFCI na réigiúin de leibhéal NUTS 3 de chuid na |

| | |
|---|---|
| tíre comhpháirtíochta lena mbaineann nó, murab ann d'aicmiú NUTS, limistéir choibhéiseach feadh gach teorann talún idir na Ballstáit agus na tíortha comhpháirtíochta atá incháilithe faoi ICR III nó ICFCI. | tíre comhpháirtíochta lena mbaineann nó, murab ann d'aicmiú NUTS, limistéir choibhéiseach feadh gach teorann talún ***nó muirí*** idir na Ballstáit agus na tíortha comhpháirtíochta atá incháilithe faoi ICR III nó ICFCI. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le comhar trasnáisiúnta agus ***comhar muirí***, is iad na réigiúin a mbeidh tacaíocht le fáil acu ó CFRE na réigiúin de leibhéal NUTS 2 de chuid an Aontais lena gcumhdaítear limistéir feidhme ***chomhtheagmhálacha***, agus straitéisí macrairéigiúnacha nó straitéisí imchuach farraige á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme. | 1. Maidir le comhar trasnáisiúnta, is iad na réigiúin a mbeidh tacaíocht le fáil acu ó CFRE na réigiúin de leibhéal NUTS 2 de chuid an Aontais lena gcumhdaítear limistéir feidhme, agus straitéisí macrairéigiúnacha nó straitéisí imchuach farraige á gcur san áireamh, i gcás inarb infheidhme. |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfar na háiteanna seo a leanas a chumhdach i gcláir Interreg maidir le comhar trasnáisiúnta agus ***comhar muirí***: | Féadfar na háiteanna seo a leanas a chumhdach i gcláir Interreg maidir le comhar trasnáisiúnta agus comhar muirí: |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh acmhainní CFRE do sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) cothrom le EUR ***8 430 000 000*** de na hacmhainní foriomlána atá ar fáil le | 1. Beidh acmhainní CFRE do sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) cothrom le EUR ***xx xxx xxx xxx*** de na hacmhainní foriomlána atá ar fáil le |

| | |
|---|---|
| haghaidh an ghealltanais bhuiséadaigh ó CFRE, ó CSE+ agus ón gCiste Comhtháthaithe don chlárthréimhse 2021-2027 agus a leagtar amach in Airteagal [102(1)] de Rialachán (AE) [RFC nua]. | haghaidh an ghealltanais bhuiséadaigh ó CFRE, ó CSE+ agus ón gCiste Comhtháthaithe don chlárthréimhse 2021-2027 agus a leagtar amach in Airteagal [102(1)] de Rialachán (AE) [RFC nua]. |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh gach Ballstát suas le 15 % dá leithdháileadh airgeadais le haghaidh chomhchuid 1, chomhchuid 2 agus chomhchuid 3 a aistriú ó cheann amháin de na comhchodanna sin go ceann nó níos mó de na comhchodanna eile. | 4. Féadfaidh gach Ballstát suas le ***20%*** dá leithdháileadh airgeadais le haghaidh chomhchuid 1, chomhchuid 2 agus chomhchuid 3 a aistriú ó cheann amháin de na comhchodanna sin go ceann nó níos mó de na comhchodanna eile. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Glacfaidh an Coimisiún gníomh ***cur chun feidhme*** ina leagfar amach an doiciméad straitéiseach ilbhliantúil maidir leis na cláir Interreg trasteorann sheachtracha a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus ICFCI nó ICR III. ***Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleacha dá dtagraítear in Airteagal 63(2).*** | Glacfaidh an Coimisiún gníomh ***tarmligthe*** ina leagfar amach an doiciméad straitéiseach ilbhliantúil maidir leis na cláir Interreg trasteorann sheachtracha a fhaigheann tacaíocht ó CFRE agus ICFCI nó ICR III. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le cláir Interreg a fhaigheann | Maidir le cláir Interreg a fhaigheann |

| | |
|---|---|
| tacaíocht ó CFRE agus ICFCI, leagfar amach na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) [ICFCI] sa ghníomh ***cur chun feidhme*** sin. | tacaíocht ó CFRE agus ICFCI, leagfar amach na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) [ICFCI] sa ghníomh ***tarmligthe*** sin. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Deonófar tacaíocht ó CFRE do chláir Interreg trasteorann sheachtracha ar choinníoll go ndéanfar foráil maidir le méideanna atá coibhéiseach le CTT ICR III agus CTT ICFCI faoin doiciméad clársceidealaithe straitéisigh ábhartha. Beidh an choibhéis sin faoi réir uasmhéid a leagtar amach i ngníomh reachtach ICR III nó ICFCI. | Deonófar tacaíocht ó CFRE do chláir Interreg trasteorann sheachtracha ar choinníoll go ndéanfar foráil maidir le méideanna atá coibhéiseach ***ar a laghad*** le CTT ICR III agus CTT ICFCI faoin doiciméad clársceidealaithe straitéisigh ábhartha. Beidh an ***ranníocaíocht*** sin faoi réir uasmhéid a leagtar amach i ngníomh reachtach ICR III nó ICFCI. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. In 2022 agus 2023, maidir leis an ranníocaíocht bhliantúil ó CFRE leis na cláir Interreg trasteorann sheachtracha ar ina leith nár cuireadh clár ar bith faoi bhráid an Choimisiúin faoin ***31 Márta*** de na blianta ábhartha, agus nár ath-leithdháileadh ar chlár eile a cuireadh isteach faoin gcatagóir chéanna de na cláir Interreg trasteorann sheachtracha, déanfar í a leithdháileadh ar na cláir Interreg trasteorann inmheánacha ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann nó na Ballstáit lena mbaineann rannpháirteach. | 1. In 2022 agus 2023, maidir leis an ranníocaíocht bhliantúil ó CFRE leis na cláir Interreg trasteorann sheachtracha ar ina leith nár cuireadh clár ar bith faoi bhráid an Choimisiúin faoin ***30 Aibreán*** de na blianta ábhartha, agus nár ath-leithdháileadh ar chlár eile a cuireadh isteach faoin gcatagóir chéanna de na cláir Interreg trasteorann sheachtracha, déanfar í a leithdháileadh ar na cláir Interreg trasteorann inmheánacha ina bhfuil an Ballstát lena mbaineann nó na Ballstáit lena mbaineann rannpháirteach. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Más rud é, faoin ***31 Márta*** 2024, gurb ann fós do chláir Interreg trasteorann sheachtracha nár cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin, maidir leis an ranníocaíocht iomlán ó CFRE dá dtagraítear in Airteagal 9(5) leis na cláir sin le haghaidh na mblianta atá fanta suas go 2027, nach bhfuiltear tar éis a ath-leithdháileadh ar chlár Interreg trasteorann seachtrach eile a fhaigheann tacaíocht freisin ó CTT ICR III nó CTT ICFCI, déanfar í a leithdháileadh ar na cláir Interreg trasteorann sheachtracha ina bhfuil an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann rannpháirteach. | 2. Más rud é, faoin ***30 Aibreán*** 2024, gurb ann fós do chláir Interreg trasteorann sheachtracha nár cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin, maidir leis an ranníocaíocht iomlán ó CFRE dá dtagraítear in Airteagal 9(5) leis na cláir sin le haghaidh na mblianta atá fanta suas go 2027, nach bhfuiltear tar éis a ath-leithdháileadh ar chlár Interreg trasteorann seachtrach eile a fhaigheann tacaíocht freisin ó CTT ICR III nó CTT ICFCI, déanfar í a leithdháileadh ar na cláir Interreg trasteorann sheachtracha ina bhfuil an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann rannpháirteach. |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcásanna den sórt sin, maidir leis an ranníocaíocht ó CFRE dá dtagraítear i mír 1 a chomhfhreagraíonn do thráthchodanna bliantúla nach bhfuil geallta fós, nó tráthchodanna bliantúla a gealladh ach a saoradh go hiomlán nó go páirteach as an ngealltanas sin le linn na bliana buiséadaí céanna, nach bhfuiltear tar éis a ath-leithdháileadh ar chlár Interreg trasteorann seachtrach eile a fhaigheann tacaíocht ó CTT ICR III nó CTT ICFCI, freisin, déanfar í a leithdháileadh ar na cláir Interreg trasteorann inmheánacha ina bhfuil an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann rannpháirteach. | I gcásanna den sórt sin, maidir leis an ranníocaíocht ó CFRE dá dtagraítear i mír 1 a chomhfhreagraíonn do thráthchodanna bliantúla nach bhfuil geallta fós, nó tráthchodanna bliantúla a gealladh ach a saoradh go hiomlán nó go páirteach as an ngealltanas sin le linn na bliana buiséadaí céanna, nach bhfuiltear tar éis a ath-leithdháileadh ar chlár Interreg trasteorann seachtrach eile a fhaigheann tacaíocht ó CTT ICR III nó CTT ICFCI, freisin, déanfar í a leithdháileadh ar na cláir Interreg trasteorann inmheánacha ***nó cláir thrasteorann thrasnáisiúnta***ina bhfuil an Ballstát nó na Ballstáit lena mbaineann rannpháirteach. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní bheidh an ráta cómhaoinithe ar leibhéal gach cláir Interreg níos airde ná ***70*** %, mura rud é, maidir le cláir Interreg trasteorann sheachtracha nó cláir Interreg faoi chomhchuid 3, go socrófar céatadán níos airde ná sin i Rialachán (AE) [ICR III], i Rialachán (AE) [ICFCI] nó i gCinneadh (AE) [Clár na dtíortha agus na gcríoch thar lear] ón gComhairle nó in aon ghníomh arna ghlacadh fúthu. | 1. Ní bheidh an ráta cómhaoinithe ar leibhéal gach cláir Interreg níos airde ná ***75*** % mura rud é, maidir le cláir Interreg trasteorann sheachtracha nó cláir Interreg faoi chomhchuid 3, go socrófar céatadán níos airde ná sin i Rialachán (AE) [ICR III], i Rialachán (AE) [ICFCI] nó i gCinneadh (AE) [Clár na dtíortha agus na gcríoch thar lear] ón gComhairle nó in aon ghníomh arna ghlacadh fúthu. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 3 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(e a) idirphlé trasteorann idirchultúrtha a chur chun cinn trí thionscadail chomhair chultúrtha agus oideachasúla, comhchruthú, malartuithe duine le duine agus díospóireacht shóisialta chomh maith le tacú le caomhnú agus bainistiú na comh-oidhreachta cultúrtha agus teangeolaíochta;*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – pointe a – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) faoi chláir Interreg faoi chomhchuid 1 agus faoi chomhchuid ***2B***: | (a) faoi chláir Interreg faoi chomhchuid 1, faoi chomhchuid 2 agus faoi chomhchuid ***2***: |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – pointe a – pointe ii**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (ii) riarachán poiblí éifeachtúil a fheabhsú trí chomhar dlíthiúil agus riaracháin agus comhar idir saoránaigh agus institiúidí a chur chun cinn, go háirithe, d'fhonn constaicí dlíthiúla agus constaicí eile i réigiúin teorann a réiteach; | (ii) riarachán poiblí éifeachtúil a fheabhsú trí chomhar dlíthiúil agus riaracháin agus comhar idir saoránaigh, ***gníomhaithe ón tsochaí shibhialta*** agus institiúidí a chur chun cinn, go háirithe, d'fhonn constaicí dlíthiúla agus constaicí eile i réigiúin teorann a réiteach; |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – pointe a – pointe -ii a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(iia) feabhas a chur ar shlándáil an Aontais, lena n-áirítear soghluaisteacht mhíleata;*** |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) faoi na cláir Interreg trasteorann sheachtracha agus faoi chomhchuid 2 agus faoi chomhchuid 3 a fhaigheann tacaíocht ó na cistí Interreg, i dteannta phointe (a) agus phointe (b): muinín fhrithpháirteach a chothú, go háirithe trí ghníomhaíochtaí idir daoine a spreagadh, trí dhaonlathas inbhuanaithe a fheabhsú agus trí thacú le gníomhartha na sochaí sibhialta agus lena ról ó thaobh próisis a athchóiriú agus aistrithe chun an daonlathais; | (c) aoi na cláir Interreg trasteorann sheachtracha agus faoi chomhchuid 2 agus faoi chomhchuid 3 a fhaigheann tacaíocht ó na cistí Interreg, i dteannta phointe (a) agus phointe (b): ***athmhuintearas a chothú,*** go háirithe trí ghníomhaíochtaí idir daoine a spreagadh, trí dhaonlathas inbhuanaithe a fheabhsú agus trí thacú le ***meáin neamhspleácha agus*** le gníomhaithe na sochaí sibhialta agus lena ról ó thaobh próisis a athchóiriú agus |

| | |
|---|---|
| | aistrithe chun an daonlathais; |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 14 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Faoi chláir Interreg trasteorann sheachtracha agus faoi chomhchuid 2 agus faoi chomhchuid 3, beidh CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais ina rannchuidiú freisin leis an gcuspóir Interreg-shonrach seachtrach 'Eoraip níos sábháilte agus níos sláine', go háirithe trí ghníomhaíochtaí i réimsí an bhainistithe trasnaithe teorann, na soghluaisteacha sna teorainneacha agus an bhainistithe imirce, lena n-áirítear cosaint imirceach. | 5. Faoi chláir Interreg trasteorann sheachtracha agus faoi chomhchuid 2 agus faoi chomhchuid 3, beidh CFRE agus, i gcás inarb infheidhme, ionstraimí maoinithe sheachtraigh an Aontais ina rannchuidiú freisin leis an gcuspóir Interreg-shonrach seachtrach 'Eoraip níos sábháilte agus níos sláine', go háirithe trí ghníomhaíochtaí i réimsí an bhainistithe trasnaithe teorann, na soghluaisteacha sna teorainneacha agus an bhainistithe imirce, lena n-áirítear cosaint imirceach. ***Gach uair a úsáidtear cistí ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh chun tacú le cláir Interreg, beidh feidhm ag na cuspóirí is infheidhme i leith na n-ionstraimí ábhartha, mar atá sonraithe sna Rialacháin [ICR], [ICFCI] agus [OCTP] faoi seach ina leith.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a chur chun feidhme trí chláir Interrreg faoi bhainistíocht chomhroinnte cé is moite de chomhchuid 3 a fhéadfar a chur chun feidhme ina hiomláine nó go páirteach faoi bhainistíocht indíreach ***agus diomaite de chomhchuid 5 a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach***. | 1. Déanfar sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a chur chun feidhme trí chláir Interrreg faoi bhainistíocht chomhroinnte cé is moite de chomhchuid 3 a fhéadfar a chur chun feidhme ina hiomláine nó go páirteach faoi bhainistíocht indíreach. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Mar sin féin, cuirfidh an Ballstát a bheidh ina óstach ar an údarás bainistíochta ionchasach clár Interreg isteach lena gcumhdaítear tacaíocht ó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais tráth nach déanaí ná ***sé*** mhí tar éis don Choimisiún an doiciméad clársceidealaithe straitéisigh ábhartha a ghlacadh faoi Airteagal 10(1) nó i gcás inar gá faoin mbunghníomh comhfhreagrach a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na hionstraimí maoinithe sheachtraigh ón Aontas. | Mar sin féin, cuirfidh an Ballstát a bheidh ina óstach ar an údarás bainistíochta ionchasach clár Interreg isteach lena gcumhdaítear tacaíocht ó ionstraim maoinithe sheachtraigh de chuid an Aontais tráth nach déanaí ná ***naoi*** mí tar éis don Choimisiún an doiciméad clársceidealaithe straitéisigh ábhartha a ghlacadh faoi Airteagal 10(1) nó i gcás inar gá faoin mbunghníomh comhfhreagrach a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na hionstraimí maoinithe sheachtraigh ón Aontas. |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh gach tosaíocht ar leith ag freagairt do chuspóir beartais aonair nó, i gcás inarb infheidhme, do chuspóir Interreg-shonrach amháin nó do dhá cheann faoi seach nó do chúnamh teicniúil. Is éard a bheidh i gceist le tosaíocht a chomhfhreagraíonn do chuspóir beartais nó, i gcás inarb infheidhme, do chuspóir Interreg-shonrach amháin nó do dhá cheann faoi seach cuspóir sonrach amháin nó níos mó. Féadfaidh níos mó ná tosaíocht amháin freagairt don bheartas nó don chuspóir Interreg-shonrach céanna. | Beidh gach tosaíocht ar leith ag freagairt do chuspóir beartais aonair nó, i gcás inarb infheidhme, do chuspóir Interreg-shonrach amháin nó do dhá cheann faoi seach nó do chúnamh teicniúil. Is éard a bheidh i gceist le tosaíocht a chomhfhreagraíonn do chuspóir beartais nó, i gcás inarb infheidhme, do chuspóir Interreg-shonrach amháin nó do dhá cheann faoi seach cuspóir sonrach amháin nó níos mó. Féadfaidh níos mó ná tosaíocht amháin freagairt don bheartas nó don chuspóir Interreg-shonrach céanna. ***Gach uair a úsáidtear cistí ó ionstraimí maoinithe sheachtraigh chun tacú le cláir Interreg, beidh feidhm ag na cuspóirí is infheidhme i leith na n-ionstraimí ábhartha, mar atá sonraithe sna Rialacháin [ICR], [ICFCI] agus [OCTP] faoi seach ina leith.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 7 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) leagfar síos an nós imeachta chun an rúnaíocht chomhpháirteach a chur ar bun; | (b) leagfar síos an nós imeachta chun an rúnaíocht chomhpháirteach a chur ar bun ***agus i gcás inarb infheidhme, struchtúir tacaíochta bainistíochta sna Ballstáit nó i dtríú tíortha***; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le hoibríochtaí a roghnú, déanfaidh an coiste faireacháin nó, i gcás inarb infheidhme, an coiste stiúrtha critéir agus nósanna imeachta a leagan síos agus a chur i bhfeidhm a bheidh neamh-idirdhealaitheach trédhearcach, lena n-áiritheofar comhionannas inscne agus lena gcuirfear san áireamh Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabal na forbartha inbhuanaithe agus beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 191(1) ***de*** CFAE. | Maidir le hoibríochtaí a roghnú, déanfaidh an coiste faireacháin nó, i gcás inarb infheidhme, an coiste stiúrtha critéir agus nósanna imeachta a leagan síos agus a chur i bhfeidhm a bheidh neamh-idirdhealaitheach trédhearcach, lena n-áiritheofar comhionannas inscne agus lena gcuirfear san áireamh Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, ***an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine*** agus prionsabal na forbartha inbhuanaithe agus beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 191(1) de CFAE. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 4 – pointe j a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(j a) Maidir le hoibríochtaí a roghnú, déanfaidh an t-údarás bainistíochta critéir agus nósanna imeachta a leagan síos agus a chur i bhfeidhm a bheidh*** |

***neamh-idirdhealaitheach, trédhearcach, lena n-áiritheofar comhionannas inscne agus lena gcuirfear san áireamh Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus prionsabal na forbartha inbhuanaithe agus beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol i gcomhréir le hAirteagal 11 agus le hAirteagal 191(1) CFAE.***

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfar oibríocht Interreg a chur chun feidhme i dtír aonair, ar choinníoll go ndéanfar ***an tionchar ar limistéar an chláir agus na*** tairbhí dó a shainaithint san iarratas oibríochta. | 2. Féadfar oibríocht Interreg a chur chun feidhme i dtír aonair, ar choinníoll go ndéanfar ***na tionchair thrasteorann nó thrasnáisiúnta agus*** na tairbhí dó a shainaithint san iarratas oibríochta. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Le haghaidh na n-oibríochtaí Interreg faoi chláir Interreg faoi chomhchuid 3, na comhpháirtithe ó na réigiúin is forimeallaí nó ó thríú tíortha, ó thíortha comhpháirtíochta nó ó thíortha agus críocha thar lear, ní chuirfear de cheangal orthu comhoibriú le chéile ach amháin i gcás trí cinn de na ceithre ghné a liostaítear sa chéad fhomhír. | Le haghaidh na n-oibríochtaí Interreg faoi chomhchuid 3 ***de chláir Interreg agus de chláir thrasteorann sheachtracha***, na comhpháirtithe ó na réigiúin is forimeallaí nó ó thríú tíortha, ó thíortha comhpháirtíochta nó ó thíortha agus críocha thar lear, ní chuirfear de cheangal orthu comhoibriú le chéile ach amháin i gcás trí cinn de na ceithre ghné a liostaítear sa chéad fhomhír. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Beidh tairbhí aonair ciste do thionscadail bheaga ina chomhlacht dlíthiúil trasteorann ***nó*** ina ghrúpáil Eorpach um chomhar críochach. | 2. Beidh tairbhí aonair ciste do thionscadail bheaga ina chomhlacht dlíthiúil trasteorann ***ina réigiún Eorpach*** ina EGTC ***nó ina údarás bainistíochta nó ina institiúid arb ann di i gceann de na tíortha i gcomhréir le comhaontú idir tíortha nó réigiúin atá rannpháirteach sa chlár***. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Rialacha maidir le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme tionscadail an chláir:*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar do na rialacha incháilitheachta a leagtar síos in Airteagail [57 go 62] de Rialachán (AE) [RFC nua], in Airteagail [4 agus 6] de Rialachán (AE) [CFRE nua] nó sa Chaibidil seo, lena n-áirítear i ngníomhartha arna nglacadh fúthu, ní dhéanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirtíochta agus na tíortha agus na críocha thar lear atá rannpháirteach, le cinneadh comhpháirteach sa choiste faireacháin, ach rialacha breise maidir le hincháilitheacht chaiteachais a bhunú le haghaidh an chláir Interreg i ndáil le catagóirí caiteachais nach gcumhdaítear leis na forálacha sin. Leis na rialacha breise sin, cumhdófar limistéar an chláir ina iomláine. | Gan dochar do na rialacha incháilitheachta a leagtar síos in Airteagail [57 go 62] de Rialachán (AE) [RFC nua], in Airteagail [4 agus 6] de Rialachán (AE) [CFRE nua***], Airteagal [10] de Rialachán (AE) [ICR], Airteagal [27] de Rialachán (AE) ]ICFCI***] nó sa Chaibidil seo, lena n-áirítear i ngníomhartha arna nglacadh fúthu, ní dhéanfaidh na Ballstáit rannpháirteacha agus, i gcás inarb infheidhme, na tríú tíortha, na tíortha comhpháirtíochta agus na tíortha agus na críocha thar lear atá rannpháirteach, le cinneadh comhpháirteach sa choiste faireacháin, ach rialacha breise maidir le hincháilitheacht chaiteachais a bhunú le haghaidh an chláir Interreg i ndáil le catagóirí caiteachais nach gcumhdaítear leis na forálacha sin. Leis na rialacha breise sin, cumhdófar limistéar an |

| | |
|---|---|
| | chláir ina iomláine. |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 36 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Mar sin féin, i gcás ina roghnaíonn clár Interreg oibríochtaí bunaithe ar ghlaonna ar thograí, glacfar na rialacha breise sin sula bhfoilseofar ***an chéad*** ghlao ar thograí. I ngach cás eile, glacfar na rialacha breise sin sula roghnófar na chéad oibríochtaí. | Mar sin féin, i gcás ina roghnaíonn clár Interreg oibríochtaí bunaithe ar ghlaonna ar thograí, glacfar na rialacha breise sin sula bhfoilseofar ***gach*** ghlao ar thograí. I ngach cás eile, glacfar na rialacha breise sin sula roghnófar na chéad oibríochtaí. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Maidir le clár Interreg faoi ***chomhchuid 2B*** nó faoi chomhchuid 1, i gcás ina gcumhdaítear teorainneacha fada lena ngabhann dúshláin agus riachtanais ilchineálacha maidir le forbairt sa ***chomhchuid is déanaí***, féadfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta agus tíortha agus críocha thar lear atá rannpháirteach i gclár Interreg réimsí fochláir a shainiú. | 5. Maidir le clár Interreg faoi chomhchuid 2B nó faoi chomhchuid 1, i gcás ina gcumhdaíonn ***sé*** teorainneacha fada lena ngabhann dúshláin agus riachtanais ilchineálacha maidir le forbairt sa chomhchuid is déanaí, féadfaidh na Ballstáit agus, i gcás inarb infheidhme, tríú tíortha, tíortha comhpháirtíochta agus tíortha agus críocha thar lear atá rannpháirteach i gclár Interreg réimsí fochláir a shainiú. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. I gcás nach ndéanann an t-údarás bainistíochta fíorú faoi phointe (a) d'Airteagal 68 (1) de Rialachán (AE) (CPR nua) ar fud limistéar uile an chláir,*** |

***ainmneoidh gach Ballstát an comhlacht nó an duine atá freagrach as an bhfíorú sin a dhéanamh i ndáil leis na tairbhithe ina chríoch.***

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Forálacha sonracha le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh (Interreg) a fhaigheann tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus ionstraimí maoinithe sheachtraigh |
| **Tagairtí** | COM(2018)0374 – C8-0229/2018 – 2018/0199(COD) |
| **An Coiste freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | REGI<br>11.6.2018 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AFET<br>11.6.2018 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 5.7.2018 |
| **Rapóirtéir**<br>Dáta an cheapacháin | Fabio Massimo Castaldo<br>10.7.2018 |
| **Pléite sa choiste** | 8.10.2018 |
| **Dáta an ghlactha** | 21.11.2018 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 47<br>–: 4<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Michèle Alliot-Marie, Nikos Androulakis, Petras Auštrevičius, Bas Belder, Victor Boştinaru, Elmar Brok, Klaus Buchner, James Carver, Lorenzo Cesa, Georgios Epitideios, Eugen Freund, Michael Gahler, Iveta Grigule-Pēterse, Sandra Kalniete, Tunne Kelam, Wajid Khan, Andrey Kovatchev, Eduard Kukan, Arne Lietz, Sabine Lösing, Andrejs Mamikins, David McAllister, Francisco José Millán Mon, Javier Nart, Pier Antonio Panzeri, Demetris Papadakis, Ioan Mircea Paşcu, Alojz Peterle, Tonino Picula, Kati Piri, Julia Pitera, Cristian Dan Preda, Michel Reimon, Sofia Sakorafa, Jean-Luc Schaffhauser, Anders Sellström, Alyn Smith, Jordi Solé, Dobromir Sośnierz, Jaromír Štětina, Dubravka Šuica, Charles Tannock, László Tőkés, Miguel Urbán Crespo |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Doru-Claudian Frunzulică, Takis Hadjigeorgiou, Marek Jurek, Antonio López-Istúriz White, David Martin, Gilles Pargneaux, José Ignacio Salafranca Sánchez-Neyra, Marietje Schaake, Helmut Scholz, Eleni Theocharous, Mirja Vehkaperä, Željana Zovko |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ SA CHOISTE FREAGRACH

| **47** | **+** |
|---|---|
| ALDE | Petras Auštrevičius, Iveta Grigule-Pēterse, Javier Nart, Marietje Schaake, Mirja Vehkaperä |
| ECR | Bas Belder, Marek Jurek, Charles Tannock, Eleni Theocharous |
| PPE | Michèle Alliot-Marie, Elmar Brok, Lorenzo Cesa, Michael Gahler, Sandra Kalniete, Tunne Kelam, Andrey Kovatchev, Eduard Kukan, Antonio López-Istúriz White, David McAllister, Francisco José Millán Mon, Alojz Peterle, Julia Pitera, Cristian Dan Preda, José Ignacio Salafranca Sánchez-Neyra, Anders Sellström, Jaromír Štětina, Dubravka Šuica, László Tőkés, Željana Zovko |
| S&D | Nikos Androulakis, Victor Boştinaru, Eugen Freund, Doru-Claudian Frunzulică, Wajid Khan, Arne Lietz, Andrejs Mamikins, David Martin, Pier Antonio Panzeri, Demetris Papadakis, Gilles Pargneaux, Ioan Mircea Paşcu, Tonino Picula, Kati Piri |
| VERTS/ALE | Klaus Buchner, Michel Reimon, Alyn Smith, Jordi Solé |

| **4** | **-** |
|---|---|
| ENF | Jean-Luc Schaffhauser |
| NI | James Carver, Georgios Epitideios, Dobromir Sośnierz |

| **5** | **0** |
|---|---|
| GUE/NGL | Takis Hadjigeorgiou, Sabine Lösing, Sofia Sakorafa, Helmut Scholz, Miguel Urbán Crespo |

Eochair na siombailí:
\+ : i bhfabhar
\- : i gcoinne
0 : staonadh